Gradaim an Acadaimh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na gradaim Oscar. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

- An bhfaca tú na gradaim Oscar arú aréir?
- Ar chuala tú aon chaint fúthu ó shin?
- Cad é an scannán is fearr a chonaic tú riamh?
- Dá mbeifeá in ann freastal ar na Gradaim Oscar in Hollywood, cén duine cáiliúil a roghnófá le suí in aice leat, agus cén fáth?

Ceist 2 Anois gan féachaint go fóill, déan iarracht leagan Gaeilge na bhfocal thíos a aimsiú. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

Film _____
Actor _____
Award/Oscar _____
Short film _____
Community _____
Entertainment _____
Demand _____
Director _____
Category _____
Role _____
Technical _____
Support _____
Film-maker _____
Northern Ireland _____
Female actor _____

Ceist 3 Anois féach ar an mír agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cá raibh na gradaim ar siúl?

2. Cad a bhuaigh na daoine seo a leanas:

a) Terry George
b) Martin Scorsese
c) Christopher Plummer
d) Meryl Streep
e) Octavia Spenser

3. Cé a chuir an tsiamsaíocht ar fáil ag an ócáid?

Ceist 4 **‘**...***Bhailigh’*** *an pobal scannánaíochta...*

An briathar rialta é *bailigh*? Cén aimsir ina bhfuil sé?

Déan iarracht foirm dhiúltach san aimsir chaite de na briathra neamhrialta thíos a aimsiú.

1. Abair + mé
2. Feic + sé
3. Faigh+ mé
4. Bí + Máire
5. Téigh + Gearóid
6. Clois + muid
7. Tar + sé
8. Tabhair + Briathar saor
9. Ith + Bríd
10. Beir + mé
11. Déan + muid

Ceist 5 *‘go leor gradam’*

- Cén ghné den ghramadach atá i gceist thuas?
- Déan iarracht na lúibíní a bhaint amach agus leagan ceart an ainmfhocail a úsáid:

Beagán (airgead)

Roinnt (bróga)

Braon (deoch)

An t-uafás (suim)

Píosa (caint)

Ceist 6 Bhreathnaigh 39 milliún duine ar na gradaim Oscar aréir agus cé gur bhuaigh *The Artist* cúig cinn de na gradaim is beag duine a bhfuil an scannán feicthe acu.

D’fhoilsigh an *Los Angeles Times* píosa ar bhallraíocht an Acadaimh, agus is iad seo iad na torthaí:

- Is fir iad 77% díobh.
- Tá 86% díobh níos sine ná caoga bliain d’aois.
- Baineann 94% díobh leis an gcine geal.

Cad é do bharúil faoi na fíricí thuas?

Treoracha

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé sa rang nó leis an duine in aice leat

Ceist 2

Film	Scannán
Actor	Aisteoir
Award/Oscar	Gradam
Short film	Gearrscannán
Community	Pobal
Entertainment	Siamsaíocht
Demand	Éileamh
Director	Stiúrthóir
Category	Catagóir
Technical	Teicniúil
Role	Ról
Support	Tacaíocht
Film-maker	Déantóir scannáin
Northern Ireland	Tuaisceart Éireann
Female actor	Banaisteoir

Ceist 3 1. Los Angeles/Hollywood.

2 a) an gearrscannán is fearr

b) gradam an stiúrthóra is fearr

c) gradam don aisteoir is fearr i ról tacaíochta

d) gradam don bhanaisteoir is fearr

e) gradam don bhanaisteoir is fearr i ról tacaíochta.

3. Billy Crystal a bhí i mbun siamsaíochta ar an oíche.

Ceist 4

1. Ní dúirt
2. Ní fhaca sé
3. Ní bhfuair
4. Ní raibh Máire
5. Ní dheachaigh Gearóid
6. Níor chualamar
7. Níor tháinig sé
8. Níor tugadh
9. Níor ith Bríd
10. Níor rug mé
11. Ní dhearnamar

Ceist 5 **‘**go leor gradam’

An ginideach iolra atá i gceist mar gheall ar chainníocht ‘go leor’.

1. Beagán airgid
2. Roinnt bróg
3. Braon dí

4. An t-uafás suime
5. Píosa cainte

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó é a úsáid mar rún díospóireachta.

Téipscript:

Emer Ní Chonaola
Ghnóthaigh an scannán *The Artist*, cúig ghradam ag Gradaim Oscar na bliana seo in Hollywood aréir, ina measc an stiúrthóir is fearr, an scannán is fearr agus an t-aisteoir is fearr. Bhí dea-scéala freisin ann do Thuaisceart Éireann mar gur bhuaigh an scannán *The Shore* an gradam don ghearrscannán is fearr.

Siún Nic Gearailt
Bhailigh an pobal scannánaíochta i Los Angeles aréir do Oscars na bliana seo agus ba é Billy Crystal a chur siamsaíocht na hoíche ar siúl ar an oíche is mó ar fhéilire Hollywood. D'éirigh le stiúrthóir an scannáin *Hugo*, Martin Scorsese cúig cinn de ghradaim a bhaint amach sa chatagóir teicniúil. Ba é an t-aisteoir Christopher Plummer a bhain amach an gradam don aisteoir is fearr i ról tacaíochta.

Bhí daoine nua leis i measc na mbuaiteoirí aréir, bhí Octavia Spenser a fuair an gradam don bhanaisteoir[1] is fearr i ról tacaíochta sa scannán *The Help*. Ba í an t-aisteoir Meryl Streep a d'ardaigh léi an gradam don bhanaisteoir[2] is fearr dá[3] ról in *The Iron Lady.*

Ach fé mar a bhíothas ag súil leis, d'ardaigh an scannán *The Artist* go leor gradam leis aréir, cúig cinn ar fad, ina measc, gradam don scannán is fearr, an stiúrthóir is fearr, agus don aisteoir is fearr.

Agus an-oíche a bhí ann leis don déantóir[4] scannán Terry George as Tuaisceart Éireann; fuair a scannán, *The Shore*, an gradam don scannán gearr is fearr.

[1] *Don mbanaisteoir* a deirtear
[2] *don mbanaisteoir* a deirtear
[3] *Do na* a deirtear
[4] *ndéantóir* a deirtear